# Bothán de réir Scála

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - cruthanna 3T, línte agus uillinneacha<br>Tomhais - fad, achar<br>*Naisc Thraschuraclaim - Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn, Na hEalaíona* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• freagracht mhéadaitheach a ghlacadh i roghnú agus in úsáid ábhar agus an mhatamaitic atá de dhíth ina gcuid oibre<br>• obair s'acu a phleanáil agus a eagrú, ag foghlaim le hoibriú go córasach<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• suímh mhatamaiticiúla a léirmhíniú ag úsáid siombailí agus léaráidí cuí |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | eangach, ainmneacha cruthanna 3T, fad, leithead, airde, achar, scála, ceintiméadar, méadar, ceintiméadar cearnach, méadar cearnach, toise, uillinn, géar, athfhillteach, maol, dronuillinn, líne, díreach, cuartha, cothrománach, ceartingearach, fiar, trasnánach, comhthreomhar, ingearach |
| **Áiseanna** | cárta, siosúr, téip ghreamaitheach, gliú, rialóirí, pinn luaidhe, soip, spaghetti, páipéar nuachta, réiteoirí píopa, cré, líreacáin, Lego |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

Dearann agus tógann daltaí mionbhothán rothar nó coimeádán stórála a stórálann trealamh scoile. Dearann agus tógann siad de réir scála ag úsáid ábhair an tseomra ranga, e.g. Lego, cárta, soip, Blu Tac, spaghetti, páipéar nuachta, réiteoirí píopa, cré, líreacáin srl.

### 1 Gníomhaíocht 1

Gabh siar ar na cruthanna, línte agus uillinneacha atá le feiceáil i bhfoirgneamh agus an dóigh ar tógadh iad leis an ghníomhaíocht a thabhairt isteach. Mar shampla, cruth an urláir, na mballaí, na síleála agus an dín.

### 2 Gníomhaíocht 2

Pléigh an coincheap de scála agus an dóigh a n-úsáidtear é le léarscáileanna, pleananna, agus mionsamhlacha faoi choinne foirgneamh leis na daltaí. Tabhair an deis dóibh triail a bhaint as scála, amhail a gcuid pleananna a chruthú ar pháipéar, nó an Uirlis Cuisenaire Mol Mata a úsáid le pictiúir nó pleananna a chruthú a léiríonn an tuiscint atá acu ar scála.

### 3 Gníomhaíocht 3

Oibríonn daltaí ar bhonn aonair nó i ngrúpaí le plean scála dá mbothán/gcoimeádán a chruthú. Thig páipéar, an Uirlis Cuisenaire Mol Mata, nó cruthanna ón Uirlis Sórtála Mol Mata a úsáid le codanna difriúla dá mbothán a chruthú. Smaoiníonn siad ar na hábhair dhifriúla a úsáidfidh siad lena mbothán/gcoimeádán a chruthú, ag díriú ar an dóigh a mbeidh siad ceangailte agus fanacht ina seasamh.

### 4 Gníomhaíocht 4

Úsáideann daltaí a n-ábhair roghnaithe lena mbothán/gcoimeádán a dhéanamh.
Má shocraíonn na daltaí athruithe a dhéanamh maidir lena mionsamhail má bhíonn fadhbanna acu, spreag iad na hathruithe a thaifeadadh ar a bpleananna ar dtús. Ansin, thig leo físeán, fuaim, grianghraif a dhíríonn ar an mhatamaitic a d'úsáid siad, agus an dóigh ar thug siad faoina gcuid ríomhanna a úsáid le céimeanna difriúla an phróisis a thaifeadadh.

### 5 Gníomhaíocht 5

Cuireann na daltaí a mionsamhlacha i láthair don rang, déanann siad cur síos ar a gcuid airíonna matamaitice, agus míníonn siad na fáthanna a bhfuil siad mar chuid dá ndearadh. Míníonn siad na fáthanna ar roghnaigh siad ábhair ar leith fosta. Déanann siad athbreithniú ar a ndearadh agus smaoiníonn siad ar an rud a dhéanfadh siad ar bhealach difriúil.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cén scála a d'úsáid tú do do dhearadh?<br>• Cad iad na cruthanna/línte/uillinneacha atá i do mhionsamhail?<br>• Cad é achar nó imlíne d'urláir/síleála/dín?<br>• Cá mhéad géaruillinn/líne ingearach atá i do mhionsamhail? | • Cad é a ndearna tú machnamh air sular roghnaigh tú do scála?<br>• Cad é mar a roghnaigh tú na hábhair seo do do mhionsamhail?<br>• Cad é mar atá do mhionsamhail cosúil/difriúil le mionsamhail do charad?<br>• Cad iad na hathruithe a rinne tú do do phlean deartha? Cad chuige?<br>• Cad é a dhéanfá ar dhóigh dhifriúil dá ndéanfá an ghníomhaíocht seo arís?<br>• Cad é a tharlódh dá n-athródh toisí do mhionsamhla? |

## Difreáil

Is féidir foirgnimh, cruthanna, toisí agus scálaí a leasú de réir shuim agus thuiscint na ndaltaí. Mar shampla, foirgneamh ina bhfuil níos nó ná seomra amháin nó linn snámha.
Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.